Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11838/26**
**ADD 1**

**ENT 194**
**CHIMIE 99**
**MI 772**
**COMPET 947**
**SAN 586**
**ENV 937**
**IND 482**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2026) 113496 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabann le<br>RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá gaolmhar le créasóid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 113496 annex.

---

Faoi iamh: D(2026) 113496 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D113496/04
[…](2026) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabann le*

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá gaolmhar le créasóid**

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 31:

| | |
|---|---|
| ‘31.<br><br>Créasóid agus substaintí atá gaolmhar le Créasóid:<br>(a) Créasóid; ola níocháin<br>Uimh. CAS 8001-58-9<br>Uimh. CE 232-287-5<br>(b) Ola chréasóide; ola níocháin Uimh. CAS 61789-28-4<br>Uimh. CE 263-047-8<br>(c) Driogáití (tarra guail), olaí naftailéine; ola naftailéine<br>Uimh. CAS 84650-04-4<br>Uimh. CE 283-484-8<br>(d) Ola chréasóide, codán aicéanaiftéine; ola níocháin<br>Uimh. CAS 90640-84-9<br>Uimh. CE 292-605-3<br>(e) Driogáití (tarra guail), uachtarach; ola antraicéine throm<br>Uimh. CAS: 65996-91-0<br>Uimh. CE 266-026-1<br>(f) Ola antraicéine<br>CAS Uimh. 90640-80-5<br>CE Uimh. 292-602-7<br>(g) Aigéid tarra, gual, amh; amhfheanóil<br>CAS Uimh. 65996-85-2<br>CE Uimh. 266-019-3<br>(h) Ola tarra ísealteochta, alcaileach; iarmhair eastóscáin (gual), tarra guail alcaileach ísealteochta | 1. Ní dhéanfar iad a chur ar an margadh ná a úsáid, leo féin nó i meascáin, chun adhmad a chóireáil.<br><br>2. De mhaolú ar mhír 1 agus gan dochar do chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní fhéadfar substaintí a chur ar an margadh ná a úsáid, leo féin nó i meascáin, le haghaidh cóireáil adhmaid trí thuile faoi bhrú folúis i suiteálacha tionsclaíocha ach amháin má tá tiúchain iontu, mar a leanas, den dá shubstaint seo a leanas:<br>(a) beinsi[a]piréin ag tiúchan níos lú ná 50 mg/kg (0,005 % de réir meáchain);<br>(b) feanóil in-eastósctha le huisce ag tiúchan níos lú ná 3 % de réir meáchain.<br><br>3. Beidh an maolú dá bhforáiltear i mír 2 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:<br>(a) ní fhéadfar substaintí, leo féin nó i meascáin, a chur ar an margadh ach amháin i bpacáistíocht ag a bhfuil toilleadh atá cothrom le 200 lítear nó níos mó;<br>(b) ní dhéanfar substaintí, leo féin nó i meascáin, a chur ar an margadh don phobal i gcoitinne;<br>(c) gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha eile an Aontais maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí agus meascán, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:<br>– áiritheoidh soláthróirí, sula gcuirfear ar an margadh iad, go mbeidh pacáistiú na substaintí sin, leo féin nó i meascáin, marcáilte go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta leis na focail ‘Le húsáid i suiteálacha tionsclaíocha amháin’;<br>– áireofar an fhaisnéis bhreise seo a leanas ar lipéid agus, i gcás ina soláthraítear iad, ar bhileoga sonraí sábháilteachta:<br>a. déanfar cur tionsclaíoch na cóireála adhmaid laistigh de limistéar atá iata nó ar dhromchla crua neamhscagach le bundú;<br>b. déanfar adhmad úrchóireáilte a stóráil i ndiaidh cóireála faoi fhoscadh nó ar dhromchla crua neamhscagach, nó an dá rud, chun caillteanais dhíreacha don ithir, séarachas nó uisce a chosc;<br>c. aon chaillteanas atá ann ón táirge a chur ar an adhmad, baileofar é lena athúsáid nó lena |

| | |
|---|---|
| CAS Uimh. 122384-78-5<br>CE Uimh. 310-191-5 | dhiúscairt.<br><br>4. Ní dhéanfar adhmad atá cóireáilte leis na substaintí a liostaítear i gcolún 1 den iontráil seo, cibé acu leo féin nó i meascáin, a chur ar an margadh ná a úsáid.<br><br>5. De mhaolú ar mhír 4, maidir le hadhmad a chóireáiltear leis na substaintí a liostaítear i gcolún 1 den iontráil seo, leis féin nó i meascáin:<br>(a) féadfar é a chur ar an margadh faoi na coinníollacha céanna a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950;<br>(b) féadfar é a úsáid mar thrasnán iarnróid nó mar chuaille fóntais le haghaidh leictreachais nó teileachumarsáide.<br><br>Tá feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír maidir le gach úsáid ghaolmhar, lena n-áirítear stóráil.<br><br>6. Chun críocha mhír 5, ní cheadaítear adhmad cóireáilte a chur ar an margadh ná a úsáid ach amháin sna Ballstáit atá liostaithe ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950. I gcás ina mbainfear Ballstát den liosta, áfach, ceadófar adhmad cóireáilte a chur ar an margadh agus a úsáid ar feadh 180 lá breise ón dáta a bhainfear é, agus ina dhiaidh sin ní cheadófar é a chur ar an margadh ná a úsáid sa Bhallstát sin. Féadfaidh Ballstáit nach liostaítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950 reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena gceadaítear adhmad cóireáilte a chur ar an margadh ina dhiaidh sin chun críche úsáide agus athúsáide agus lena gceadaítear an úsáid agus an athúsáid féin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Ghníomhaireacht faoin reachtaíocht sin laistigh de mhí tar éis di teacht i bhfeidhm. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go gcuirfear an fhaisnéis faoin reachtaíocht náisiúnta sin ar fáil don phobal.<br><br>7. Adhmad atá cóireáilte leis na substaintí a liostaítear i gcolún 1 den iontráil seo, bíodh siad leo féin nó i meascáin, féadfaidh sé fanacht san áit chéanna agus féadfar leanúint dá úsáid ansin chun na críche céanna.<br><br>8. Agus adhmad cóireáilte á chur ar an margadh ina dhiaidh sin nó á úsáid i gcomhréir le mír 5 den iontráil seo, cuirfidh soláthróirí agus úsáideoirí i bhfeidhm ar a laghad na bearta bainistithe riosca maidir le créasóid a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950. Coinneoidh úsáideoirí adhmaid chóireáilte doiciméadacht ar sholáthairtí an adhmaid chóireáilte a fhaigheann siad agus ar a ndiúscairt. Coinneofar an doiciméadacht sin ar feadh ré na húsáide agus ar feadh 10 mbliana tar éis a ndiúscartha. I gcás ina gcuirfear |

| | |
|---|---|
| | na soláthairtí sin ar an margadh ina dhiaidh sin, coinneofar an doiciméadacht sin go ceann 10 mbliana eile ina dhiaidh sin.<br><br>9. San iontráil seo, ciallaíonn 'athúsáid' aon oibríocht ina n-úsáidtear adhmad cóireáilte nach dramhaíl é arís chun na críche céanna leis an úsáid bhunaidh.' |